Rewarding Learning

**General Certificate of Secondary Education**
**2015**

# Stair

Aonad 2: An Cogadh Fuar 1945–1991
Ardsraith

GHY22

## [GHY22]
## DÉ CÉADAOIN 10 MEITHEAMH, MAIDIN

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **dhá** cheist: **gach** ceist i Roinn A agus ceist **amháin** as an rogha i Roinn B.

Má tá siad de dhíth, tá cead agat tuilleadh leathanach a iarraidh le do fhreagraí a chríochnú.
Ceangail na leathanaigh seo, le do thoil, den leabhrán leis an scorán comhaid chuige sin.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i Roinn A Ceist **1(b)**, **(c)** agus **(d) agus** i Roinn B.
Measúnófar litriú, poncaíocht agus úsáid chruinn gramadaí i Roinn A Ceist **1(d) agus** i Roinn B.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Tá Leabhrán Áiseanna a bhaineann le Ceist 1 leis an pháipéar seo.

**Do Cheist 1, déan tagairt don ábhar foinse sa Leabhrán Áiseanna.**

## Roinn A

Freagair an roinn seo **uilig**.

In **Ceist 1(d)** tá uasmhéid de **5 mharc sa bhreis** ar fáil as litriú, poncaíocht agus gramadach chruinn a úsáid.

**1 Baineann an cheist seo le Briseadh Amach Chogadh na Cóiré, Meitheamh 1950.**

**(a) Déan staidéar ar Foinse A.**

Cad é a chuireann **Foinse A** in iúl dúinn faoi na fáthanna ar thug Kim Il Sung ordú dá arm le hionsaí a dhéanamh ar an Chóiré Theas i Meitheamh 1950? [4]

**(b) Déan staidéar ar Foinse A agus ar Foinse B.**

Cé chomh mór agus a thacaíonn **Foinse A** le creideamh Truman in **Foinse B** gurb é APSS (*USSR*) a bhí taobh thiar d'ionsaí na Cóiré Thuaidh ar an Chóiré Theas i Meitheamh 1950? [6]

**(c) Déan staidéar ar Foinse C.**

Cé chomh húsáideach agus chomh hiontaofa agus atá **Foinse C** do staraí atá ag déanamh staidéir ar bhriseadh amach an chogaidh idir an Chóiré Thuaidh agus an Chóiré Theas i Meitheamh 1950? [8]

**(d)** **Foinsí A**, **B**, agus **C** agus **do chuid eolais féin** in úsáid agat, mínigh cad chuige a bhfuil léirmhínithe difriúla ann maidir leis na fáthanna ar ndearna Arm na Cóiré Thuaidh ionradh ar an Chóiré Theas i Meitheamh 1950. [10]
agus [LPaG 5]

## Roinn B

Freagair ceist **amháin** ón roinn seo.

I **ngach** ceist tá uasmhéid de **5 mharc sa bhreis** ar fáil as litriú, poncaíocht agus gramadach chruinn a úsáid.

**2 Baineann an cheist seo leis an chaidreamh idir APSS (*USSR*) agus Oirthear na hEorpa, 1945–1949.**

Mínigh an fáth a raibh APSS (*USSR*) ag iarraidh smacht ar Oirthear na hEorpa ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda agus an dóigh ar choinnigh APSS (*USSR*) smacht idir 1945 agus 1949.

Úsáid na treoirlínte seo a leanas agus eolas ábhartha ar bith eile le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

- Fáthanna a raibh an APSS (*USSR*) ag iarraidh smacht ar Oirthear na hEorpa in 1945
- Comhdhálacha Síochána in 1945 agus an deireadh le comhghuaillíochtaí le linn cogaidh
- Gníomhartha APSS (*USSR*) maidir le hOirthear na hEorpa a smachtú, 1946–1948
- Beirlín, 1948–1949. [22]

agus [LPaG 5]

**3 Baineann an cheist seo le Cogadh Vítneam, 1954-1973.**

Mínigh an fáth ar tharla sé go raibh baint ag SAM (*USA*) le cogadh i Vítneam agus an dóigh ar athraigh an bhaint a bhí ag SAM (*USA*) le Vítneam faoi 1973.

Úsáid na treoirlínte seo a leanas agus eolas ábhartha ar bith eile le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

- Fáthanna ar tharla sé go raibh baint ag SAM (*USA*) le Vítneam
- Gníomhartha SAM (*USA*) i Vítneam, 1954–1964
- Gníomhartha arm SAM (*USA*) i Vítneam, 1965–1968
- Vítneamú agus aistarraingt, 1968–1973. [22]

agus [LPaG 5]

**4 Baineann an cheist seo leis an chaidreamh idir APSS (*USSR*) agus Oirthear na hEorpa, 1961–1990.**

Mínigh cad chuige agus an dóigh ar athraigh smacht APSS (*USSR*) ar Oirthear na hEorpa idir 1961 agus 1990.

Úsáid na treoirlínte seo a leanas agus eolas ábhartha ar bith eile le cuidiú leat an cheist a fhreagairt.

- Beirlín agus gníomhartha APSS (*USSR*) in 1961
- an tSeicslóvaic, 1968 agus Dúnghaois Brezhnev
- Détente agus Perestroika
- Turnamh cumannachais in Oirthear na hEorpa, 1989–1990. [22]

agus [LPaG 5]

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

Rewarding Learning

General Certificate of Secondary Education
2015

# Stair

Aonad 2: An Cogadh Fuar 1945−1991

Bonnsraith agus Ardsraith

**[GHY21] [GHY22]**

**DÉ CÉADAOIN 10 MEITHEAMH, MAIDIN**

# LEABHRÁN ÁISEANNA

LEATHANACH BÁN

## Briseadh Amach Chogadh na Cóiré, Meitheamh 1950

**Foinse A: Ag scríobh dó in 1996, nochtann staraí nua-aoiseach a dhearcadh ar an fháth ar bhris cogadh amach sa Chóiré i Meitheamh 1950**

Bhí Kim Il Sung, ceannaire na Cóiré Thuaidh, agus Syngman Rhee, Uachtarán na Cóiré Theas, araon ag iarraidh an Chóiré a athaontú faoina smacht féin. Bhí Kim Il Sung buartha go ndéanfadh an Chóiré Theas an beart de chéaduair. D'iarr sé cead ar Stalin le hionsaí a dhéanamh ar an Chóiré Theas. Chaith Stalin beagnach bliain ag machnamh air seo. Dhiúltaigh sé dó roinnt uaireanta in 1949. Bhí eagla air go mbeadh baint ag SAM (*USA*) leis agus go mbeadh an tríú cogadh domhanda ann dá barr. Thoiligh Stalin le Kim Il Sung i ndeireadh na dála agus gheall sé go gcuirfeadh sé airm agus comhairleoirí le cuidiú leis an Chóiré Thuaidh. Chuir Kim Il Sung ina luí ar Stalin go mbeadh bua gasta ag Arm na Cóiré Thuaidh ar fhórsaí laga na Cóiré Theas. Rinne Arm na Chóiré Thuaidh ionradh ar an Chóiré Theas i Meitheamh 1950.

**Foinse B: An tUachtarán Truman, ag caint i Meitheamh 1950, díreach i ndiaidh Arm na Cóiré Thuaidh ionradh a dhéanamh ar an Chóiré Theas**

Creidim go léirítear go soiléir leis an ionsaí seo ar an Chóiré Theas go bhfuil an APSS (*USSR*) ag iarraidh a smacht a leathadh ar an Áise Thoir Theas. Tá APSS (*USSR*), i gcuideachta na Cóiré Thuaidh, toilteanach ar ionradh airm agus ar chogadh a úsáid le smacht a fháil ar thíortha sa limistéar seo. Tá tacaíocht ag Airm na Chóiré Thuaidh ón APSS (*USSR*). Iarrann muid ar na Náisiúin Aontaithe (NA) (*UN*) cuidiú leis an Chóiré Theas chun í féin a chosaint i gcoinne an ionsaithe éagóraigh seo. Tá SAM (*USA*) toilteanach ar ghníomhú le cuidiú le síocháin agus slándáil a athbhunú sa limistéar arís.

**Foinse C: Syngman Rhee, Uachtarán na Cóiré Theas a bhí go mór frith-chumannach, ag caint i Meitheamh 1950**

Tarlaíonn sé go bhfuil muid sa Chóiré Theas mar chuid de choimhlint ollmhór dhomhanda idir an cumannachas (APSS) (*USSR*) agus an daonlathas (SAM) (*USA*). Spreag an APSS (*USSR*) an Chóiré Thuaidh leis an ionsaí seo a dhéanamh ar ár gcríoch. Caithfidh muid troid agus stop a chur leis an iarracht seo lenár dtír a scrios.

*Foinse A: Paul Lashmar, Stalin's "Hot War", New Statesman and Society, iml.9, uimh 388, Feabhra 1996 (arna chur in oiriúint)*

*Foinse B: Peter Fisher, Great Power Conflict after 1945, Stanley Thornes, 1985 (arna chur in oiriúint)*

*Foinse C: Fiona MacDonald and Richard Staton, The Cold War, 1945 to 1989, Collins Educational, 1996 (arna chur in oiriúint)*

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.